




Díbirt Dé

Pádraig Standún



Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán
Conamara



An Chéad Chló 2007
© Cló Iar-Chonnachta 2007

ISBN 978-1-905560-16-5

Dearadh clúdaigh: Creative Laundry
Dearadh: Foireann CIC



Tugann Bord na Leabhar Gaeilge
tacaíocht airgid do Chló Iar-Chonnachta



Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid
ón gComhairle Ealaíon




Tá an t-údar buíoch de Bhord na Leabhar Gaeilge a bhronn coimisiún air don saothar seo.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priortáil: Future Print, Baile Átha Cliath 13.



do mhuintir Thuar Mhic Éadaigh



I

Tar éis na mílte bliain d'éirigh leis an bhfear agus an bhean gairdín a chruthú dóibh féin a bhí chomh maith nó níos fearr leis an bparthas in Éidín as ar ruaigeadh iad fadó. Nuair a thug siad faoi deara Dia ag siúl ina ngairdín féin, thug siad íde na muc is na madraí dó, thug siad bata agus bóthar dó agus dúirt nach raibh a leithéid ag teastáil uathu níos mó, má bhí ariamh.

– Leagan nua de Leabhar Geineasas

“Keano! Keano!” a bhéic Abigail Nic Ádhaimh agus í ag rith i dtreo an chúil, ach choinnigh a deartháir an liathróid, chuaigh sé thar dhuine de na cosantóirí agus scaoil léi isteach i gcúl na heangaí.

“Maith an buachaill!” a ghlaoigh a athair Adam ón taobhlíne agus bhuail sé a lámh ar ghualainn a charad Bill de Brún le háthas agus bród. “Keano in ainm, Keano i gcroí agus in anam,” a dúirt sé go sásta. “Cuirfidh mé geall go mbeidh sé chomh maith le Keane féin fós ar an bpáirc.”

“Cé acu de na Cathánaigh?” arsa an Brúnach, meangadh ar a bhéal, “Roy nó Robbie?”

“An bheirt acu.”

“Cheap mise gur choinnigh sé rófhada í,” a d’fhreagair de Brún. “Murach gur sciorr mo dhuine a bhí ag iarraidh é a bhlocáil . . .”

“Nár scóráil sé? Nach in é an rud is tábhachtaí?”

“Bhí deis aige pas a thabhairt d’Abby. Bhí sí in áit níos fearr ar aghaidh an chúil. Ní bheadh le déanamh aici ach teagmháil léi.”

“An dtabharfása pas do do dheirfiúr ag an aois sin? Tá dhá chois chlé ar Abigail,” a dúirt a hathair. “Cuireann sí a croí agus a hanam isteach san imirt, ach ní bheidh sí chomh maith le Keano go deo.”

“An Keano nó Keanu atá air?” a d’fhiafraigh Bill. “Shíl mé gur i ndiaidh Keanu Reeves a bhaist Aoife é?”

“Sin a cheap sise ach ag cuimhneamh ar an gCorcaíoch a bhí mise, agus chomh luath is a thosaigh sé ag imirt sacair ní raibh aon cheist faoi. Keano in ainm agus Keano i spiorad, mar a dúirt mé, ach Cian – C-I-A-N – atá ar a theastas breithe.”

“Ghoill sé go mór air nuair a cuireadh Roy abhaile ó Chorn an Domhain an uair sin.”

“Cá bhfios duit?” arsa Adam.

“Nár dhúirt sé liom é.”

“Ansin thosaigh Robbie ag scóráil agus bhí Keano eile le bheith ina laoch aige. Ach déarfainn gur mó a mheas faoi láthair ar Roy.” Tá sé ina bhainisteoir chomh maith is a bhí sé ina imreoir. Sula raibh am ag Bill freagra a thabhairt air bhí Adam ag screadach “*Bollix!*” ar an réiteoir.

“Tóg go réidh é,” arsa Bill go híseal. “Níl ann ach cluiche cúigeir an taobh idir ghasúir bheaga.”

“Ach tá rialacha ann. Ba cheart d’Abby cic saor a fháil an uair sin. Nach bhfaca tú an diabhalín glic sin ag cur cor coise inti?”

Gháir Bill. “Nach minic a rinne tusa an rud céanna le do linn. Gan pionós ar bith a fháil ón réiteoir ach an oiread, mar go raibh tú chomh neamhurchóideach ag breathnú.”

“Murarbh ionann is tusa, a bhí mall místuama. Tugadh

na ciceanna saora i do choinne mura ndearna tú ach tú féin a shearradh.”

“Tá mo leaidín beag féin mar an gcéanna.”

“Tá Liam stuama go maith,” a dúirt Adam, “ach ní bheidh sé ina Liam Brady go deo. Ach cé a bheas?”

“Féach anois air,” arsa Bill, “ag iarraidh an liathróid a thabhairt leis, in áit an modh díreach a úsáid.” Chuir sé a dhá lámh lena bhéal agus bhéic, “Cuir bróg le leathar, a Liam! Scaoil léi de chéaduair!”

“Tóg go réidh é, a mhac,” a dúirt Adam go magúil. “Níl ann ach cluiche cúigear an taobh idir ghasúir óga.”

“*Touché.*”

“Cén sórt Gaeilge í sin?”

“Nach fearr Fraincis a chur tríd an teanga ná Béarla bradach?” arsa Bill go héadrom.

“Nach mar a chéile teanga iasachta ar bith má theastaíonn uainn ár dteanga féin a choinneáil glan,” arsa Adam, ag coinneáil súile ar an gcluiche ag an am céanna, ag ligean béice anois is arís.

“Is teanga mharbh í an teanga ghlan,” a d’fhreagair Bill. “Teanga ar bith atá beo, bíonn focla nua ag teacht isteach inti i gcónaí ó chuile thaobh. Féach an difríocht idir Chonamra, áit a bhfuil sí beo go fóill –”

“Má tá,” arsa Adam.

Lean Bill lena shruth cainte. “– áit a bhfuil sí beo agus amuigh sna cnoic, áit nach bhfuil á labhairt ach na seandaoine. Tá Gaeilge ghlan ansin ceart go leor, ach beidh sí imithe leis an nglúin seo.”

“*Bollix!*” a scread Adam arís ar an réiteoir, an sagart áitiúil, mar nár thug sé cárta buí don té a leag a mhac go talamh.

“Agus cén saghas Gaeilge í sin?” arsa Bill. “Cén sórt cainte í sin os comhair na ngasúr?”

“Mura bhfuil a leithéid agus níos measa cloiste acu míle uair cheana ó chuile dhuine againn.”

“Ní thaitníonn sé leis an sagart.”

Chroith Adam a ghuaillí. “*Big deal*. An bhfuil sé ceart go mbeadh a leithéid ag plé le gasúir a bheag nó a mhór?”

“Níl tada déanta as bealach aigesean. Go bhfios dom.”

“Ach an bhfuil aoinneach acu le trust?”

“Ní raibh aon duine eile sásta an réiteoireacht a dhéanamh maidin Dé Sathairn,” arsa Bill. “Ní féidir leis mórán a dhéanamh as bealach agus muid anseo ag breathnú air.”

“Nach mar sin a thosaíonn siad? Éiríonn siad cairdiúil leis na gasúir i dtosach báire, sula dtapaíonn siad a ndeis.”

D’fhreagair Bill, “Tá an tAthair Séamas anseo sách fada ag plé le freastalaithe aifrinn agus chuile shórt, agus ní raibh gíog ná míog as aoinneach riamh mar gheall air.”

“Ní théann na gasúir s’againne in aice leis,” a dúirt Adam. “Déanann muid cinnte de sin.”

“Nuair nach dtéann siad chuig an aifreann is beag an seans go mbeidh siad ag freastal ar an altóir,” arsa Bill.

“An mbíonn Liam ag freastal?”

“Le bliain nó dhó. Is cosúil go bhfuil mo dhuine thar a bheith cúramach. Ní fhanann sé san eardhamh le gasúr amháin riamh. Fágann sé an doras ar leathadh an t-am ar fad chomh maith, le go bhfeicfead céard tá ar siúl.”

“Bheadh amhras orm faoi sin,” arsa Adam.

“Cén fáth a mbeadh?”

“Is cosúil go bhfuil rud eicint le ceilt aige má tá sé chomh cúramach sin, nó go gceapann sé nach bhfuil sé féin le trust.”

“Faitíos dlí,” a d’fhreagair Bill. “An bhfuil bealach níos éasca airgead a dhéanamh i láthair na huaire ná líomhaintí mar sin a chur i leith duine?”

“Ní chuireann sé isteach ná amach orm i ndáiríre,” a dúirt Adam, “cé is moite de shábháilteacht na ngasúr. Tá an

chuid sin den saol – sagairt, eaglais, aifreann – fágtha inár ndiaidh againne le fada, agam féin agus ag Aoife. Maireann muide sa saol réadúil agus ní fheiceann muid ciall ná réasún leis an tseafóid sin.”

“Is fearr liom féin agus Sharon cos a choinneáil i chaon champa,” arsa Bill, idir mhagadh agus dáiríre. “Ar fhaitíos na bhfaitíos.”

“De réir na loighice is seafóid atá ann ó bhun go barr.”

“Mura mbeadh ann ach an loighic . . .” Bhreathnaigh Bill uaidh ar nós nach raibh cluiche na ngasúr le feiceáil aige ní ba mhó. “Ba bhreá liomsa dul de réir loighice; glacadh leis nach bhfuil romhainn ach cré na talún nó luaithreach an chreamatóra, ach ní ligeann mo chroí ná mo choinsias dom dul chomh fada sin fós. Faraor b’fhéidir, ach is mar sin atá mé.” Chroith sé a ghuailí. “Bheadh an saol níos éasca dá uireasa, ach níl a fhios agam . . .”

D’fhreagair Adam go cinnte, “Teagasc na mblianta is cúis leis sin, brú agus stiúradh inchinne . . . Tuigim sin. Tháinig mé tríd. Níl sé furasta éalú uaidh ná é a fhágáil i do dhiaidh.” D’inis sé do Bhill faoi chlár a bhí feicthe aige ar an teilifís roinnt oícheanta roimhe sin inar dearnadh scrios ar chuile eaglais agus chuile reiligiún, clár ina raibh sé ráite nach raibh i gceann ar bith acu ach cumadóireacht.

“An ag caint ar Richard Dawkins atá tú?” arsa Bill. “Gach seans go bhfaca mé féin an clár céanna.”

“Faraor gan tuilleadh dá leithéid a thabharfadh ciall agus réasún do na daoine. Lena gceart a thabhairt do Channel 4, níl faitíos orthu daoine a chur ar an eolas, murab ionann is an dream gan cnámh droma atá againne.”

“Cén difríocht a dhéanann sé sa lá atá inniu ann nuair atá fáil ar chuile cheann de na bealaí teilifíse ag formhór na ndaoine?”

“Chuirfeadh sé iontas ort an méid daoine fós nach bhfuil

acu ach cláracha claonta na tíre seo; nach bhfuil sásta dúshlán de chineál ar bith a thabhairt.”

“Braitheann cuid de na daoine go bhfuil siad sin féin róchorraitheach,” arsa Bill. “Cloisim daoine ag tabhairt amach fúthu lá i ndiaidh lae.”

“Is iontach dúr iad na daoine. Leanann siad leis an tseafóid chéanna a bhí acu nuair a bhíodar ag dul ar scoil.”

“Nach aisteach an chaint í seo againn,” arsa Bill. “Fealsúnacht agus creideamh, agus muid ceaptha a bheith ag baint spraoi as an maidin in éindí leis na gasúir.”

“Is léir go bhfuil siadsan ag baint sásaimh as an gcluiche ar chaoi ar bith. Ní dóigh go raibh mise in ann leanacht orm ag rith gan stad chomh fada sin nuair a bhí mise an aois sin.”

“Nach fearr dóibh a bheith i mbun aclaíochta ná a bheith á ramhrú féin ar an tolg ar aghaidh na teilifíse nó amach os comhair an ríomhaire.”

“Tugann sé deis do na mná codladh na maidine a bheith acu,” arsa Adam. “Ar maidin Dé Domhnaigh a bhíonn deis codlata agam féin.”

“Ar nós Dia é féin ar an seachtú lá,” a dúirt Bill go magúil. “Caithfidh sé gurb í oíche Dé Sathairn an oíche mhór agaibh, má bhíonn tú chomh tuirseach sin ar an Domhnach.”

“Mura mbeadh ach oíche mhór amháin sa tseachtain agam féin agus ag Aoife . . . An é atá á rá agat, a Bhill, go bhfuil tú féin imithe thairis? Seachas iarracht aon oíche sa tseachtain?”

“Mar a deir na polaiteoirí, nílim ag rá sea ná ní hea. Nílim á shéanadh ná ag rá go bhfuil sé fíor.”

“Feictear domsa gur admháil atá ansin.”

Bhreathnaigh Bill trasna na páirce, áit a raibh an fheadóg dheireanach séidte. “Tá tú i bhfad ón marc, a mhac.”

“Is ar an saol seo atá Shangri-La,” arsa Adam. “Glac le

do phléisiúr fad is atá tú in ann, mar níl a leithéid de rud agus ‘go deo’ ann.”

Gháir Bill. “Tá tú ag tabhairt cead mo chinn dom, mar sin. Glac le mo phléisiúr áit ar bith a mbeidh sé le fáil. Is fearr thusa ná Dia ar bith.”

Tháinig a gcuid gasúr trasna chucu, an chuma orthu go raibh siad traochta. Léim Abigail le go mbéarfadh a hathair uirthi agus d’fhan sí ina ghabháil, Keano agus Liam náirithe aici, ag croitheadh a nguailí ar nós go raibh siad ag rá “cailíní” le déistin faoina n-anáil.

“D’iarr Séamas orainn dul chuig an gclubtheach leis le haghaidh milseáin agus sú oráistí,” a dúirt Abigail. “An bhfuil cead againn?”

“Cén Séamas?” arsa Adam.

“An sagart,” a dúirt Bill. “Más maith leat,” ar sé le Liam, “ach bí ar ais i gceann deich nóiméad.”

“Tá deifir orainne,” arsa Adam lena mhac agus iníon féin.

“Á, a Dheaid,” arsa Abigail.

“Bíonn sú oráistí ceart ann,” a dúirt Cian, “gan ‘E’ ar bith ann ar nós an stuif sna buidéal.”

Thóg Adam eochracha an chairr as a phóca. “Nár dhúirt mé nach bhfuil am againn. Tá do Mhamaí ag dul amach ag siopadóireacht ar ball.”

“Nach bhfuil an Punto aici sa mbaile?” Shleamhnaigh Abigail síos óna hathair.

“Tá, ach déarfainn go bhfuil sí ag iarraidh thusa a thabhairt léi chuig na siopaí agus na fir a fhágáil sa mbaile.”

“An bhfuil sí ag dul ag ceannacht rud eicínt deas dom? Inis dom, a Dheaide,” arsa Abigail.

“Caithfidh tú fanacht,” arsa Adam go séimh. “Suígí isteach sa gcarr anois agus beidh mé libh i gceann nóiméid.”

“Shíl mé go raibh deifir ort.”

“Aisfhreagraí, Keano?” arsa a athair, ag breith ar ghualainn air. “Céard í an riail?”

“Is tusa an máistir,” ar seisean, ag imeacht, cloigeann faoi, i dtreo an chairr, Abigail ag tarraingt a mála ar an bhféar ina diaidh.

“Ní maith liom an chraic seo,” a dúirt Adam le Bill. “Ar mhaithe leis féin fiú amháin . . . Shílfeá nach ndéanfadh sé é.”

“Céard faoi a bhfuil tú ag caint?”

“Ag caint faoi Shéamas, an sagart sin. Milseáin agus sú oráistí: cé chomh minic is a bhí sé sin mar chéadchéim acu le gasúir a mhealladh?”

“Tá tú ag baint míbhrí as. Nach mbíonn sú oráistí agus a leithéid ag óg agus sean ag leatham nó i ndiaidh an chluiche?”

Léirigh Adam a chuid inní go beacht. “Ach níl duine fásta ar bith istigh leo i láthair na huaire.”

“An bhfuil tú ag iarraidh dul isteach?” arsa Bill.

“Tá mise tar éis aire a thabhairt do mo chuid féin. Tá siad coinnithe ó chontúirt agam.”

“Ach fós féin tá seachtar nó ochtar eile istigh sa gclubtheach in éindí leis. Nach bhfuil sábháilteacht sa slua sin?”

“Ach níl iontu ach gasúir,” arsa Adam.

“Tá Liam ag teacht anois, agus breathnaíonn sé ceart go leor,” a dúirt a athair. “D’fhéadfaí éirí *paranoid* faoi na cúrsaí seo.”

“Faraor nach raibh níos mó daoine *paranoid* faoi san am a caitheadh,” a dúirt Adam agus é ag siúl trasna na páirce. Stop sé leath bealaigh idir Bill agus an bóthar. “Tá mé leis an gceist seo a tharraingt anuas ag an gcéad chruinniú cinnbhliana eile den club. Níl sé ceart ná cóir.”

Níor fhreagair Bill, é ag siúl sa treo eile, Liam lena thaobh. Chuir sé lámh ar ghualainn a mhic. “Cén chaoi a raibh rudaí istigh ansin?” ar sé.

“Thar cionn. Tá an-chraic i Séamas.”